

Innealtóireachta

Nuachtlitir Jct4

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tháinig ann don tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí chun **múinteoirí a spreagadh, cabhrú leo** agus **iad a chumasú** le hoideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn a athrú ón bhonn.



Ceardlann Roghnach ar Phriontáil 3T sa Seomra Ranga

Bhí an-áthas ar fhoireann Innealtóireachta Jct4 comhoibriú le I-Form, Ionad Taighde Ard-déantúsaíochta agus 3DWIT chun cabhrú le múinteoirí le ceithre bhabhta de cheardlanna roghnacha in 'Priontáil 3T sa Seomra Ranga'.



Bhí an t-aiseolas ó mhúinteoirí an-dearfach agus cuirfeadh an dara babhta d'ardcheardlanna Priontála 3T ar fáil do mhúinteoirí le linn na bliana acadúla 2021/2022.

Agallamh le Dominic Dolan – Gabha Geal


I gcomhar leis na hEalaíona sa tSraith Shóisearach, chuir muid agallamh ar an nGabha Geal Dominic Dolan agus thug sé léargas dúinn ar obair cheardaíochta agus ar mhionsonraí a cheirde. Lean muid ar twitter [@Jct4ed](#) chun a chinntiú nach gcaillfidh tú an comhrá iontach agus léiritheach seo.

Fáilte

Thar ceann na foirne Innealtóireachta, ba mhaith linn fáilte a chur romhat chuig an 8ú eagrán de Nuachtlitir Innealtóireachta Jct4, 'Eagrán an tSamhraidh 2021', Gabhaimid buíochas le gach múinteoir Innealtóireachta a d'fhreastail ar chnuascheardlanna FGL ar líne ó Eanáir go Márta na bliana seo agus tugaimid aitheantas breise do thiomantas na múinteoirí a d'fhreastail ar na [seimineáir ghréasáin agus ar na ceardlanna roghnacha](#) le tamall anuas. Is mian linn aird a tharraingt ar an aiseolas léiritheach a thug múinteoirí dúinn le linn na gcnuascheardlann FGL againn ar líne cionn is go gcuirfidh sé sin bonn eolais faoi struchtúr agus faoi dhearadh FGL do 2021/2022. Ba mhaith linn a chur i gcuimhne do gach múinteoir gur féidir teagmháil a dhéanamh leis na comhairleoirí innealtóireachta tiomnaithe againn ón [gcluaisín bail foirne](#) ar [jct.ie](#) má bhíonn aon cheist agat nó má bhíonn tuilleadh cabhrach de dhíth maidir leis na himeachtaí is déanaí againn.

An CnuasLá FGL Innealtóireachta ar Líne

Reáchtáladh cnuascheardlanna FGL Innealtóireachta na Sraithe Sóisearaí 2020/2021 ar líne trí Zoom i mbliana. Chun cabhrú le múinteoirí le Meiteatrónaice a leabú sa seomra ranga, fuair gach múinteoir ar cláraíodh a sonraí Acmhainn Teagaisc agus Foghlama Mheicitreonaice, lámhleabhar teagaisc le [léaráid chiorcaid agus sreangaithe](#) chun na comhpháirteanna a chur le chéile roimh an ócáid agus [loga foghlama](#) chun cabhrú le rannpháirtíocht le linn na gceardlann sin. Bhí aiseolas an mhúinteora ó na cnuascheardlanna FGL ar líne an-dearfach, agus tagairt shonrach déanta do phleanáil maidir le rannpháirtíocht scoláirí i mbogearraí ríomhaireachta, agus na torthaí foghlama á n-úsáid ag an am céanna. Tá teacht ar nasc chuig an gcur i láthair iomlán ón lá [anseo](#).




Acmhainn Micro:bit don Seomra Ranga

Le linn na gcnuascheardlann Innealtóireachta FGL ar líne, chuaigh muid i dtaithí ar bhogearraí ríomhaireachta micro:bit chun cabhrú le múinteoirí an toradh foghlama 3.6 a leabú - córais bhunúsacha mheicitreonaice **a chumrú agus a ríomhchlárú** ag úsáid bogearraí cuí sna seomraí innealtóireachta acu. Chun cabhrú le múinteoirí a bheadh ag plé le scoláirí a bhíonn ag foghlaim ón mbaile, duine le duine nó trí eispéireas cumaisc, d'fhéadfadh an acmhainn féinstiúrtha micro:bit don seomra ranga, a bhfuil teacht air [anseo](#), cabhrú le scileanna a iniúchadh agus a fhorbairt atá riachtanach chun dul i ngleic le micro:bit. Ina theannta sin, b'fhéidir gur mhaith leat seomra ranga fíorúil a chur ar bun inar féidir leat cabhrú le scoláirí agus monatóireacht a dhéanamh orthu go cianda nó i dtimpeallacht seomra ranga. Chun é sin a dhéanamh, tabhair cuairt ar [sheomra ranga micro:bit](#) chun an timpeallacht foghlama seo a chruthú do do scoláirí agus lean an físeán seo a d'fhorbair foireann Innealtóireachta Jct4 má bhíonn tuilleadh teorach de dhíth ort.



Turas Foghlama na Scoláirí

D'fhorbair foireann Jct4 sraith phóstaer do gach ceann de na hábhair Theicneolaíochta. Leagtar amach san acmhainn seo na príomhócáidí foghlama agus measúnaithe a raibh scoláirí páirteach iontu in Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí.



Scríofa i dteanga atá sothuigte ag na scoláirí, cabhróidh an acmhainn seo le scoláirí a dturas foghlama a thuiscint i rith na chéad bhliana, an dara bliain agus an tríú bliain. Tá teacht ar an acmhainn seo faoi Theagasc agus Foghlaim, Tacaí Ranga sa rannán Acmhainní ar an láithreán gréasáin againn ach cliceáil [anseo](#).

Tá teacht ar thuilleadh acmhainní freisin sa rannán Measúnaithe ar an láithreán gréasáin againn ach cliceáil [anseo](#).

An Chumarsáid



@Jct4ed



www.jct.ie



Liosta Seoltaí

Seimineár Gréasáin agus Tacaíocht Roghnach

Tá sraith de sheimineár gréasáin agus tacaí roghnacha ar fáil i rannán na dteicneolaíochtaí ar www.jct.ie. Roimhe seo, d'fhéach muid ar an seimineár gréasáin 'Innealtóireacht á Cur i nGníomh' chun cabhrú le múinteoirí scoláirí a ullmhú do Mheasúnú Rangbhunaithe 1 agus ar an seisiún roghnach '[Cabhrú le Meicitreonaic in Innealtóireacht](#)' chun cabhrú le scileanna agus tuiscint a fhorbairt laistigh de Shnáithe 3 den tsonraíocht. Tugann an modúl roghnach is déanaí againn: '[Cleachtas Seomra Ranga agus Bogearraí Ríomhaireachta san Innealtóireacht](#)' go leor léargas ar an gcaoi le tabhairt faoi cuir chuige nua. Cabhraíonn [an bhileog](#) seo le meicitreonaic a leabú laistigh d' Innealtóireacht na chéad bhliana agus an dara bliain agus pleanáil ar siúl ar fud na dtrí Shnáithe den tsonraíocht. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár gcomhlaigh as an am agus as an gcúnamh a thug siad d'fhoireann Innealtóireachta Jct4 agus na tacaí breise seo á n-ullmhú acu. Is féidir teacht ar gach seimineár gréasáin, ceardlann roghnach agus doiciméad tacaíochta [anseo](#).

Socrúithe Athbhreithnithe do na Measúnuithe Rangbhunaithe

D'eisigh an CNCM 'Socrúithe athbhreithnithe chun Measúnuithe Rangbhunaithe a chur i gcrích do scoláirí sa dara bliain in 2020/2021'. Is féidir nasc chuig an doiciméad a fháil [anseo](#). Cé gur freagra iad na socrúithe seo do MRBanna ar dhúshlán ar leith, tá sé mar aidhm acu freisin neamhspleáchas scoile a spreagadh; aitheantas a thabhairt do chinntí teagaisc agus foghlama a dhéantar ag leibhéal na scoile le linn dúnadh scoile, agus a chinntiú, a oiread agus is féidir, go mbeidh MRBanna déanta ag scoláirí in 2020/2021.



Innealtóireacht ar fud an Domhain Mórthimpeall Orainn

Chun 'Meoin na hInnealtóireachta' a fhorbairt agus scoláirí a mhealladh chuig saol na hInnealtóireachta timpeall orthu, bímid ar an airdeall i gcónaí le haghaidh alt, fiseán agus ábhair thacaíochta éagsúla chun intinn na scoláirí a mhúscailt. D'fhéadfadh na naisc thíos a bheith mar thoradh ar roinnt gníomhaíochtaí suimiúla maidir leis na torthaí foghlama seo a leanas:

3.4 feidhm na gcóras i suíomh innealtóireachta amhail an seomra ranga, an baile agus an tionscal **a fhiosrú**

3.5 tionchar na meicitreonaice ar an gcomhshaol agus ar an tsochaí **a iniúchadh**.

https://www.youtube.com/watch?v=lbs1KGgma_o

1.6 dul i ngleic le disciplíní innealtóireachta éagsúla trína gcur i bhfeidhm ar fheidhmeanna laethúla

1.10 ardchaighdeán oibre **a léiriú**, lena n-áirítear beachtas agus bailchríoch dhromchla.

<https://www.youtube.com/watch?v=tekta1x5lc>

Nuacht agus Imeachtaí

Lean ar aghaidh ag spreagadh do chomhghleacaithe chun clárú le hInnealtóireacht Jct4 tríd an liosta seoltaí ag an taobh. Féach ar an gcluaisín [nuacht agus imeachtaí](#) laistigh den rannán Teicneolaíochtaí ar jct.ie agus lean muid ar an leathanach Twitter againn [@Jct4ed](#). Ná bíodh leisce ort teagmháil a dhéanamh le ball ar bith den fhoireann trí ríomhphost le do chuid fiosruithe. Is féidir na seoltaí ríomhphoist a fháil sa chluaisín [Baill Foirne](#) ar leathanach baile jct.ie. Tá súil againn go mbeidh sos an-taitneamhach samhraidh ag múinteoirí agus ag scoláirí.



Le dea-mhéin

Foireann Innealtóireachta Jct4